**Riarthóir Champaí Samhraidh**

Tá Muintearas Teo ag cuardú duine le dul i mbun oibre ar Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht 2024.

Is post páirt-aimseartha é seo ar feadh tréimhse teoranta 15 seachtaine (ón 17ú Meitheamh go 27ú Meán Fómhar 2024).

Tá bunlíne de 20 uair oibre sa tseachtain i gceist leis an bpost seo.  D'fheadfadh sé go mbeidh níos mó ná 20 uair i gceist uaireanta, ag brath ar an líon campaí a bheas ar bun o sheachtain go seachtain.

Beidh an té a cheapfar freagrach as:

- Monatóireacht a dhéanamh ar champaí samhraidh i nGaeltacht na Gaillimhe (agus ceantair Ghaeltachta eile ag braith ar riachtanais)
- Páipéarachas & próiseáil deontais do lucht eagraithe na gcampaí samhraidh

Tá córais i bhfeidhm ag Muintearas do mhonatóireacht ar champaí agus do phróiseáil deontais.  Beidh ar an té a cheapfar na córais seo a fhoghlaim & iad a chur i bhfeidhm chun na hoibre a chur i gcrích.

**Cáilíochtaí / Taithí**

- Ardchaighdeán i labhairt agus i scríobh na Gaeilge
- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta
- Ardscileanna ríomhaireachta (Excel ach go háirithe) agus riaracháin
- Carr & ceadúnas glan tiomána agus sásta taisteal chuig ceantair Ghaeltachta ar fud na tíre (más gá)

Tuilleadh eolais faoin bpost ar fáil ó Mhuintearas 091 379141

**Próiseas Iarratais**

Seol litir iarratais agus CV roimh 5i.n. ar an Aoine, 10ú Bealtaine chuig:

Muintearas
Tír An Fhia
Leitir Móir
Co na Gaillimhe
Teil: 091 379141
R-phost: muintearas@muintearas.com